Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2017

## Aistriúchán
## Ar Scéim Mharcála

## Tíreolaíocht

Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Agus breithniú á dhéanamh ar an scéim mharcála seo, ba cheart aird a bheith ar an méid a leanas:

- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar.
- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.
- Mar riail ghinearálta, más ann d'amhras faoina bhailí atá aon fhreagra, ní mór do scrúdaitheoirí dul i gcomhairle lena scrúdaitheoir comhairleach sula mbronntar marcanna.
- Níl na moltaí ná samplaí etc. a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile etc.
- Chun críche marcála, is é is Pointe Suntasach Ábhartha (PSÁ) ann ná aon phíosa amháin d'eolas fíorasach a dtabharfaidh scrúdaitheoir ualú marcála dó mar atá leagtha síos sa scéim mharcála (3 mharc de ghnáth). Mar a moladh roimhe seo i gCiorclán S85/09 agus sna Táscairí Marcála Samplacha atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin Choimisiún na Scrúduithe Stáit, ba cheart do gach PSÁ teacht aníos as an eolas a thugann an t-iarratasóir, rud is cúis le freagra comhleanúnach foriomlán ar an gceist.

## Fiosrúchán Tíreolaíochta – Croí-Aonad 3

*(Feic Aguisín 1 chun teacht ar an Liosta Topaicí)*

1. Réamhrá

   4 PSÁ @ 1m an ceann
   Cloí leis an bhfad a leagadh síos – 1 mharc — Marcanna iomlána: 5

2. Pleanáil

   4 PSÁ @ 1m an ceann
   Cloí leis an bhfad a leagadh síos – 1 mharc — Marcanna iomlána: 5

3. Bailiú Sonraí

   Dhá Mhodh/Thasc @ 18 marc an ceann
   Gach modh/tasc – 9 PSÁ @ 2m an ceann — 36m
   Ceadaigh PSÁ amháin ar léaráid do gach Modh/Tasc.

| | |
|---|---|
| Comhleanúnachas – 2 mharc ghrádaithe (2/1/0) | |
| Cloí leis an bhfad a leagadh síos 2 mharc | 4 mharc |

Marcanna iomlána: 40

4. Torthaí, Tátail, Luacháil

   Trí theideal @ 8 marc an ceann
   Gach teideal: 4 PSÁ @ 2m an ceann — 24 marc

| | |
|---|---|
| Comhleanúnachas – 4 mharc ghrádaithe (4/2/0) | |
| Cloí leis an bhfad a leagadh síos 2 mharc | 6 mharc |

Marcanna Iomlána: 30

5. Eagrú agus Léiriú Torthaí

   Dhá mhodh dhifriúla sa chur i láthair.
   Gach cur i láthair: 5 PSÁ @ 2 mharc an ceann

Marcanna Iomlána: 20

# Briseadh Síos ar na Marcanna don Chur i Láthair

***Píchairt / Treoghraf / Barrachairt / Scaipghraf etc.***

| | |
|---|---|
| X-ais lipéadaithe / ciorcal | 2mharc |
| Y-ais lipéadaithe / láraithe | 2 mharc |
| Sonraí curtha i láthair i gceart | 2 mharc |
| Sonraí curtha i láthair i gceart | 2 mharc |
| Tuairim ar an iomlán | 2 mharc ghrádaithe (2/1/0) |

***Léaráid / Sceitse / Léarscáil***

| | |
|---|---|
| 1 phíosa faisnéise anótáilte | Léirithe 2 mharc + Ainmnithe 2 mharc |
| 1 phíosa faisnéise anótáilte | Léirithe 2 mharc + Ainmnithe 2 mharc |
| Tuairim ar an iomlán | 2 mharc ghrádaithe (2/1/0) |

***Tábla***

| | |
|---|---|
| Teideal | 2 mharc |
| Sraitheanna lipéadaithe | 2 mharc |
| Colúin lipéadaithe | 2 mharc |
| Sonraí | 2 mharc |
| Tuairim ar an iomlán | 2 mharc ghrádaithe (2/1/0) |

| **CUID A hAON – CEISTEANNA GEARRFHREAGRA – 100 MARC**<br>AON **DEICH** GCEIST @ 10 MARC AN CEANN<br>Marcáil **gach** ceist a triaileadh agus bronn marc ar an deich gceist a fhaigheann na marcanna is airde. | | | |
|---|---|---|---|
| C1.(i) | C | 2m | |
| | A | 2m | |
| | D | 2m | |
| | B | 2m | |
| C.1(ii) | Magma | 2m | Iomlán 10m |
| C.2(i) | D | 2m | |
| | A | 2m | |
| | B | 2m | |
| | C | 2m | |
| C.2(ii) | Trá / A | 2m | Iomlán 10m |
| C.3(i) | C    C.3 (ii) (**Abhainn**) | 2m | |
| | **D**    Oighreach | 2m | |
| | A    (**Oighreach**) | 2m | |
| | B    Abhainn | 2m + 2m | Iomlán 10m |
| C.4(i) | (a) Bruthcharraig | 2m | |
| | (b) ar laibhe a bheith ag fuarú gar do dhromchla an domhain | 2m | |
| | (c) criostail bheaga | 2m | |
| | (d) Clochán an Aifir | 2m | |
| C.4(ii) | Úsáid bhailí amháin | 2m | Iomlán 10m |
| C.5(i) | 6.7 km | 5m | |
| C.5(ii) | Soir ó thuaidh | 5m | Iomlán 10m |
| C.6(i) | Scaipthe/scartha | 2m | |
| | Cnuasta/cnuasach | 2m | |
| | Líneach/ribíneach | 2m | |
| C.6(ii) | Gallán | 2m | |
| C.6(iii) | Siombail cheart | 2m | Iomlán 10m |

| | | | |
|---|---|---|---|
| C.7 | (i) Fíor/Bréagach | 2m | |
| | (ii) Fíor | 2m | |
| | (iii) Bréagach | 2m | |
| | (iv) Fíor | 2m | |
| | (v) Bréagach | 2m | Iomlán 10m |
| C.8 | B | 2m | |
| | C | 2m | |
| | E | 2m | |
| | A | 2m | |
| | D | 2m | Iomlán 10m |
| C.9 | Príomhúil | 2m | |
| | Treasach | 2m | |
| | Tánaisteach | 2m | |
| | (**Treasach**) | | |
| | Tánaisteach | 2m | |
| | Príomhúil | 2m | Iomlán 10m |
| C.10 | (i) Tóiceo | 2m | |
| | (ii) Rio de Janeiro | 2m | |
| | (iii) Mumbai | 2m | |
| | (iv) Cathair Mheicsiceo | 2m | |
| | (v) 4 | 2m | Iomlán 10m |
| C.11 | (i) 994 | 2m | |
| | (ii) Siombail cheart | 2m | |
| | (iii) Gaoth chiúin | 2m | |
| | (iv) (a) Isihiaití | 2m | |
| | (b) Isiteirmeacha | 2m | Iomlán 10m |
| C.12 (i) | C | 2m | |
| | D | 2m | |
| | A | 2m | |
| | B | 2m | |
| C.12(ii) | Úsáid bhailí | 2m | Iomlán 10m |

## CUID A DÓ – CEISTEANNA STRUCHTÚRTHA – 300 MARC

Ní mór duit tabhairt faoi **THRÍ** cheist, mar seo a leanas:

- **DHÁ** cheist as **Roinn 1 – Croí-Aonaid:**
  - Ceist **amháin** as Ceist 1, 2 agus 3 **(100 marc)**

    **AGUS**
  - Ceist **amháin** as Ceist 4, 5 agus 6 **(100 marc)**
- Ceist **AMHÁIN** as **Roinn 2 – Toghaonaid (100 marc)**

***FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO SA FHREAGARLEABHAR***

## ROINN 1 – CROÍ-AONAID

## Ceist 1 go 6

**NÍ MÓR** duit tabhairt faoi **DHÁ** cheist:

**CEIST AMHÁIN** as **Patrúin agus Próisis sa Chomhshaol Fisiceach**

**AGUS**

**CEIST AMHÁIN** as **Tíreolaíocht Réigiúnach**

## PÁTRÚIN AGUS PRÓISIS SA CHOMHSHAOL FISICEACH

**Ceist 1 go 3**

Freagair ceist **AMHÁIN**

## Ceist 1

**A. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil den limistéar a thaispeántar ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis.

Ar an tsracléarscáil sin, **taispeáin** agus **lipéadaigh** gach ceann díobh seo a leanas:

- Limistéar iomlán an Taiscumair soir ó Dhroichead na Laoi (W 342 713) (*Lee Bridge*)
- Limistéar talún os cionn 200 méadar ag Cill na Martra in iarthuaisceart na léarscáile
- Abhainn an tSuláin (*Sullane River*)
- Limistéar d'fhoraois bhuaircíneach in iardheisceart na léarscáile
- An limistéar faoi fhoirgnimh i Maigh Chromtha.

| | |
|---|---|
| **Imlíne na Sracléarscáile:** | |
| **Teorainneacha/fráma** | **1 mharc** |
| **Comhréir (tírdhreach)** | **2 mharc** |
| **Tuairim ar an iomlán** | **2 mharc ghrádaithe (2/1/0)** |
| | **Fo-Iomlán 5 mharc** |
| **Cúig rud á dtaispeáint agus lipéadaithe amhail a leanas:** | |
| **Ag taispeáint** | **3m ghrádaithe (3/1/0)** |
| **Lipéadaithe** | **2m** |
| | **Fo-iomlán 25 mharc** |

**I gcás rianú soiléir bronn 50% de na marcanna a gnóthaíodh as na rudaí a thaispeáint agus a lipéadú agus bronn 0 marc de na 5 mharc as teorainneacha, as comhréir agus as tuairim iomlán.**

**Iomlán: 30 marc**

**B.** **Carraigeacha**

(i) Ainmnigh **dhá** shampla de charraigeacha dríodair.

**Dhá charraig dhríodair ainmnithe @ 3m an ceann** **6m**

(ii) Luaigh **dhá** áit dhifriúla in Éirinn ina bhfuil carraigeacha dríodair le fáil.

**Áit 1** **4m**

**Áit 2** **3m**

(iii) Tabhair cur síos agus míniú ar an tslí a bhfoirmítear carraigeacha dríodair.

**Cur Síos/Míniú 9 PSÁ @ 3m an ceann** **27m**

**PSÁ amháin ar a laghad as míniú.**

**Ceadaigh PSÁ amháin as léaráid anótáilte ábhartha.**

**Féadfar PSÁ a bhronnadh as faisnéis ábhartha, sa bhreis ar an téacs, a thugtar ar léaráidí.**

**Iomlán: 40 marc**

**C.** **Fillsléibhte**

Le léaráid(í) mar chúnamh agat, tabhair cur síos agus míniú ar an tslí a bhfoirmítear Fillsléibhte.

**Léaráid dhá ghné @ 3m an ceann** **6m**

**Míniúchán 8 PSÁ @ 3m an ceann** **24m**

**Ceadaigh PSÁ amháin le haghaidh sampla ainmnithe d'Fhillsléibhte.**

**PSÁ amháin ar a laghad as míniú.**

**Féadfar PSÁ a bhronnadh as faisnéis ábhartha, sa bhreis ar an téacs, a thugtar ar léaráidí.**

**Iomlán: 30 marc**

## Ceist 2

## A. Bolcáin

(i) Cén céatadán de na bolcáin atá i bhFáinne Tine an Aigéin Chiúin?

**90 (%)** **3m**

(ii) Cuir in iúl cad is brí leis an ainm *Fáinne Tine an Aigéin Chiúin*.

**Ráiteas bailí** **3m**

(iii) Ainmnigh **dhá** ábhar a scaoiltear san aer nuair a bhrúchtann bolcáin.

**Dhá ábhar bhailí ainmnithe @ 3m an ceann** **6m**

(iv) Mínigh go hachomair cad is brí leis an téarma *bolcán marbh*.

**Míniú achomair dhá PSÁ @ 3m an ceann** **6m**

(v) Liostaigh **dhá** iarmhairt dhiúltacha a bhaineann le bolcáin.

**Dhá iarmhairt dhiúltacha bhailí @ 3m an ceann** **6m**

(vi) Mínigh go hachomair iarmhairt dhearfach **amháin** a bhaineann le bolcáin.

**Míniú achomair dhá PSÁ @ 3m an ceann** **6m**

**Iomlán: 30 marc**

**B. Forbairt Tírghnéithe** **Freagair (i) nó (ii).**

(i) Mínigh, agus léaráidí mar chúnamh agat, foirmiú **dhá** thírghné ar bith.

**Foirmiú aon dá thírghné @ 20 marc an ceann.**

**Do gach aon tírghné:**

| | |
|---|---|
| **Tírghné ainmnithe** | **1 mharc** |
| **Léaráid(í) dhá ghné @ 2 mharc an ceann** | **4 mharc** |
| **Foirmiú mínithe 5 PSÁ @ 3 mharc an ceann** | **15 mharc** |

**Ní mór do PSÁ amháin ar a laghad míniú a thabhairt ar phróiseas ábhartha.**

**Ceadaigh PSÁ amháin le haghaidh sampla ainmnithe.**

**Féadfar PSÁ a bhronnadh as faisnéis ábhartha, sa bhreis ar an téacs, a thugtar ar léaráidí.**

**Iomlán: 40 marc**

**Nó**

(ii) Tabhair cur síos agus míniú ar **dhá** phróiseas ollghluaiseachta ar bith.

**Dhá phróiseas ar bith @ 20 marc an ceann**

**Do gach aon phróiseas:**

| | |
|---|---|
| **Próiseas luaite** | **2 mharc** |
| **Cur síos / Míniú 6 PSÁ @ 3 mharc an ceann** | **18 marc** |

**PSÁ amháin ar a laghad as míniú.**

**Ceadaigh sampla ainmnithe le haghaidh PSÁ amháin.**

**Ceadaigh PSÁ amháin as léaráid anótáilte ábhartha.**

**Féadfar PSÁ a bhronnadh as faisnéis ábhartha, sa bhreis ar an téacs, a thugtar ar léaráidí.**

**Iomlán: 40 marc**

**C. Idirghníomhaíocht an Duine le Timthriall na gCarraigeacha**

Tabhair cur síos agus míniú ar an tslí a ndéanann daoine idirghníomhaíocht le timthriall na gcarraigeacha agus tagairt agat do cheann amháin acu seo a leanas:

- Cairéalú
- Mianadóireacht
- Saothrú ola/gáis
- Táirgeadh fuinneamh geoiteirmeach.

**Cur síos / míniú 10 PSÁ @ 3m an ceann 30m**

**Ceadaigh PSÁ amháin le haghaidh sampla ainmnithe.**

**PSÁ amháin ar a laghad as míniú.**

**Ceadaigh PSÁ amháin as léaráid anótáilte ábhartha.**

**Féadfar PSÁ a bhronnadh as faisnéis ábhartha, sa bhreis ar an téacs, a thugtar ar léaráidí.**

**Is féidir glacadh le gnéithe dearfacha agus diúltacha.**

**Iomlán: 30 marc**

## Ceist 3

### A. Síonchaitheamh

(i) I do fhreagarleabhar, meaitseáil gach ceann de na fótagraif **A**, **B** agus **C** leis an bpróiseas síonchaithimh is fearr a mheaitseálann é as an liosta thíos:

| | | |
|---|---|---|
| **C** | **Gníomhaíocht reo is coscartha** | **3m** |
| **A** | **Carbónáitiú** | **3m** |
| **B** | **Síonchaitheamh oinniúnach (scamhadh).** | **3m** |

(ii) Cuir in iúl cé acu sampla de shíonchaitheamh ceimiceach **nó** de shíonchaitheamh fisiciúil/meicniúil gach ceann de na próisis síonchaithimh ar an liosta thuas.

| | | |
|---|---|---|
| **Gníomhaíocht reo is coscartha** | **Síonchaitheamh fisiciúil/meicniúil** | **3m** |
| **Carbónáitiú** | **Síonchaitheamh ceimiceach** | **3m** |
| **Síonchaitheamh oinniúnach (scamhadh).** | **Síonchaitheamh fisiciúil/meicniúil** | **3m** |

(iii) Ainmnigh **dhá** thoisc ar bith a théann i bhfeidhm ar an síonchaitheamh.

**Dhá thoisc bhailí ainmnithe @ 3m an ceann** **6m**

(iv) Mínigh go hachomair cad is brí leis an téarma *scileach*.

**Míniú achomair dhá PSÁ @ 3m an ceann** **6m**

**Iomlán: 30 marc**

### B. Creathanna Talún

(i) Tabhair **dhá** shampla d'áiteanna difriúla inar tharla creathanna talún.

**Dhá áit éagsúla ainmnithe @ 3m an ceann** **6m**

(ii) Ainmnigh scála a úsáidtear chun fórsa creathanna talún a thomhas.

**Scála bailí ainmnithe @ 4m** **4m**

(iii) Mínigh an tslí a dtarlaíonn creathanna talún **agus** tabhair cur síos ar na hiarmhairtí is mó a bhíonn orthu.

**Míniú/cur síos 10 PSÁ @ 3m an ceann** **30m**

**Caithfear dhá PSÁ ar a laghad a úsáid chun an tslí a dtarlaíonn creathanna talún a mhíniú.**

**Caithfear dhá PSÁ ar a laghad a úsáid le cur síos a dhéanamh ar iarmhairtí creathanna talún.**

**Iomlán: 40 marc**

## C. Idirghníomhaíocht an Duine le Próisis Dromchla

Scrúdaigh an tslí a ndéanann daoine idirghníomhaíocht le ceann **amháin** de na próisis dromchla a leanas:

- Próisis abhann
- Próisis chósta
- Próisis ollghluaiseachta.

| | |
|---|---|
| **Idirghníomhaíocht aitheanta** | **3m** |
| **Míniú 9 PSÁ @ 3 mharc an ceann** | **27 marc** |

**Ceadaigh an dara hidirghníomhaíocht aitheanta le haghaidh PSÁ amháin.**

**Ní mór gach idirghníomhaíocht eile a mhíniú i gcomhair PSÁ.**

**Ceadaigh PSÁ amháin le haghaidh sampla ainmnithe.**

**Ceadaigh PSÁ amháin as léaráid anótáilte ábhartha.**

**Féadfar PSÁ a bhronnadh as faisnéis ábhartha, sa bhreis ar an téacs, a thugtar ar léaráidí.**

**Is féidir glacadh le gnéithe dearfacha agus diúltacha.**

**Iomlán: 30 marc**

## TÍREOLAÍOCHT RÉIGIÚNACH

**Ceist 4 go 6**

Freagair ceist **AMHÁIN**

## Ceist 4

**A. Réigiún Eorpach**

Tarraing sracléarscáil de réigiún **Eorpach** (**nach bhfuil in Éirinn**) a bhfuil staidéar déanta agat air.

Ar an tsracléarscáil sin, **taispeáin** agus **ainmnigh** gach ceann acu seo a leanas:

- Abhainn ainmnithe **amháin** sa réigiún seo
- **Dhá** bhaile nó **dhá** chathair ainmnithe sa réigiún seo
- Limistéar rilífe ainmnithe **amháin** (talamh ard nó íseal) sa réigiún seo.

| | | |
|---|---|---|
| **Imlíne an Réigiúin** | **6 mharc ghrádaithe (6/4/2/0)** | |
| **Abhainn** | **Ainmnithe** | **2m** |
| | **Taispeánta** | **4 mharc ghrádaithe (4/2/0)** |
| **Baile/Cathair 1** | **Ainmnithe** | **2 mharc** |
| | **Taispeánta** | **4 mharc ghrádaithe (4/2/0)** |
| **Baile/Cathair 2** | **Ainmnithe** | **2m** |
| | **Taispeánta** | **4 mharc ghrádaithe (4/2/0)** |
| **Limistéar rilífe** | | |
| **(talamh ard nó íseal)** | **Ainmnithe** | **2m** |
| | **Taispeánta** | **4 mharc ghrádaithe (4/2/0)** |

**Iomlán: 30 marc**

**B.** **Gníomhaíochtaí Geilleagracha Treasacha – Réigiún in Éirinn**

Freagair gach ceann acu seo a leanas agus tagairt agat do réigiún in **Éirinn** a bhfuil staidéar déanta agat air.

(i) Ainmnigh gníomhaíocht gheilleagrach threasach **amháin** a chuireann le geilleagar an réigiúin seo.

**Gníomhaíocht gheilleagrach threasach ainmnithe** **4m**

(ii) Mínigh na buntáistí atá ag an réigiún seo i bhforbairt na gníomhaíochta geilleagraí treasaí a ainmníodh i gcuid (i) thuas.

**Míniú 9 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **27 marc**

**Ceadaigh réigiún ainmnithe le haghaidh PSÁ amháin.**

(iii) Déan cur síos ar dhúshlán **amháin** atá roimh an ngníomhaíocht gheilleagrach threasach seo sa réigiún seo.

**Cur síos 3 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **9 marc**

**Iomlán: 40 marc**

**C.** **Talmhaíocht – Réigiún Ilchríochach / Fo-ilchríochach**

Mínigh an tslí a bhíonn tionchar ag **dhá** cheann ar bith de na tosca ar an liosta thíos ar fhorbairt na talmhaíochta i réigiún **Ilchríochach** / **Fo-ilchríochach** (**nach bhfuil san Eoraip**) a bhfuil staidéar déanta agat air:

- Aeráid
- Rilíf agus ithreacha
- Margaí.

**Toisc 1 mínithe 5 PSÁ @ 3m an ceann** **15m**

**Toisc 2 mínithe 5 PSÁ @ 3m an ceann** **15m**

**Ceadaigh réigiún ainmnithe le haghaidh PSÁ amháin.**

**Iomlán: 30 marc**

## Ceist 5

### A. Talmhaíocht in Éirinn

(i) Cén céatadán de dhaonra na hÉireann atá fostaithe in earnáil an agraibhia agus na ndeochanna?

**8.6 (%)** **3m**

(ii) Cén luach (€) a bhí ar easpórtálacha earnáil agraibhia agus deochanna na hÉireann in 2015?

**10.8 billiún** **3m**

(iii) Ríomh **X**, an céatadán d'agraibhia agus de dheochanna na hÉireann a easpórtáladh go dtí an Ríocht Aontaithe in 2015.

**41 (%)** **6m**

(iv) Cé mhéad heicteár talún a úsáidtear sa talmhaíocht **agus** cé mhéad heicteár talún a úsáidtear san fhoraoiseacht?

**4.5 milliún (heicteár)** **3m**

**730,000 (heicteár)** **3m**

(v) Mínigh go hachomair buntáiste **amháin** a bhaineann le ballraíocht san Aontas Eorpach d'earnáil agraibhia agus deochanna na hÉireann.

**Míniú achomair dhá PSÁ @ 3m an ceann** **6m**

(vi) Mínigh go hachomair míbhuntáiste **amháin** a bhaineann le ballraíocht san Aontas Eorpach d'earnáil agraibhia agus deochanna na hÉireann.

**Míniú achomair dhá PSÁ @ 3m an ceann** **6m**

**Iomlán: 30 marc**

### B. Gníomhaíochtaí Geilleagracha – Réigiún Eorpach

Mínigh forbairt **dhá** cheann acu seo a leanas agus tagairt agat do réigiún **Eorpach** (**nach bhfuil in Éirinn**) a bhfuil staidéar déanta agat air:

- Na cúiseanna a mheallann **turasóirí** go dtí an réigiún seo
- Tábhacht na **déantúsaíochta** sa réigiún seo
- Forbairt an **iompair** sa réigiún seo.

**Gníomhaíocht 1 mínithe 7 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **21 mharc**

**Gníomhaíocht 2 mínithe 6 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **18 marc**

**Réigiún ainmnithe** **1m**

**Iomlán 40m**

**C. Fás Uirbeach – Réigiún Ilchríochach** / **Fo-ilchríochach**

Tabhair cur síos agus míniú ar na cúiseanna leis an bhfás ar limistéar uirbeach i réigiún **Ilchríochach** / **Fo-ilchríochach** (**nach bhfuil san Eoraip**) a bhfuil staidéar déanta agat air.

**Cur síos / Míniú 10 PSÁ @ 3m an ceann** **30m**

**PSÁ amháin ar a laghad as míniú.**

**Ceadaigh ceantar uirbeach ainmnithe le haghaidh PSÁ amháin.**

**Iomlán: 30 marc**

## Ceist 6

**A. Dífhostaíocht san Eoraip**

(i) Cén tír ina raibh an céatadán ab airde de na daoine dífhostaithe in 2015?

**An Ghréig** **3m**

(ii) Cén **dá** thír inar tháinig laghdú ar an gcéatadán de na ndaoine a bhí dífhostaithe ó 2005 go 2015?

**An Ghearmáin** **3m**

**An Pholainn** **3m**

(iii) Cén bhliain a raibh an céatadán de na daoine a bhí dífhostaithe in Éirinn níos ísle ná an céatadán a bhí dífhostaithe i ngach ceann de na tíortha roghnaithe eile? Tabhair míniú achomair ar chúis **amháin** leis seo.

**2005** **3m**

**Míniú achomair dhá PSÁ @ 3m an ceann** **6m**

(iv) Mínigh go hachomair cúis **amháin** a d'fhéadfadh a bheith leis an laghdú ar chéatadán na ndaoine a bhí dífhostaithe sa Pholainn ó 2005 go 2015.

**Míniú achomair dhá PSÁ @ 3m an ceann** **6m**

(v) Mínigh go hachomair slí **amháin** chun leibhéil dífhostaíochta a laghdú.

**Míniú achomair dhá PSÁ @ 3m an ceann** **6m**

**Iomlán: 30 marc**

**B. Fairsingiú an Aontais Eorpaigh**

(i) Ainmnigh **dhá** thír a ghlac ballraíocht san Aontas Eorpach ó 2000 i leith.
**Dhá thír bhailí ainmnithe @ 2m an ceann** **4m**

(ii) Mínigh na buntáistí d'Éirinn a bhaineann le fairsingiú an Aontais Eorpaigh.

**Míniú 6 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **18 marc**

(iii) Mínigh na míbhuntáistí d'Éirinn a bhaineann le fairsingiú an Aontais Eorpaigh.

**Míniú 6 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **18 marc**

**Iomlán: 40 marc**

## C. Forbairt Réigiúnach

Tabhair cur síos agus míniú ar **dhá** fhadhb atá ag réigiún ar bith a bhfuil staidéar déanta agat air.

**Fadhb 1**

**Cur Síos/Míniú 5 PSÁ @ 3 mharc an ceann 15 mharc**

**Fadhb 2**

**Cur Síos/Míniú 5 PSÁ @ 3 mharc an ceann 15 mharc**

**PSÁ amháin ar a laghad as míniú a thabhairt ar gach fadhb.**

**Ceadaigh réigiún ainmnithe le haghaidh PSÁ amháin.**

**Iomlán: 30 marc**

## ROINN 2 – TOGHAONAID

## Ceist 7 go 12

**NÍ MÓR** duit tabhairt faoi cheist **AMHÁIN** as:

**Patrúin agus Próisis i nGníomhaíochtaí Geilleagracha**

**NÓ**

**Patrúin agus Próisis i gComhshaol an Duine**

## PATRÚIN AGUS PRÓISIS i nGNÍOMHAÍOCHTAÍ GEILLEAGRACHA

**Ceist 7 go 9**

## Ceist 7

**A. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil den limistéar a thaispeántar ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis.

Ar an tsracléarscáil sin, **taispeáin** agus **lipéadaigh** gach ceann díobh seo a leanas:

- An limistéar faoi fhoirgnimh i Maigh Chromtha
- Cúrsa iomlán an phríomhbhóthair náisiúnta N22
- Cúrsa iomlán an bhóthair réigiúnaigh R584
- An líne tharchurtha leictreachais in oirthuaisceart na léarscáile
- Oifig phoist.

**Imlíne na Sracléarscáile:**

| | |
|---|---|
| **Teorainneacha/fráma** | **1 mharc** |
| **Comhréir (tírdhreach)** | **2 mharc** |
| **Tuairim ar an iomlán** | **2 mharc ghrádaithe (2/1/0)** |
| | **Fo-Iomlán 5 mharc** |
| **Cúig rud á dtaispeáint agus lipéadaithe amhail a leanas:** | |
| **Ag taispeáint** | **3m ghrádaithe (3/1/0)** |
| **Lipéadaithe** | **2m** |
| | **Fo-iomlán 25 mharc** |

**I gcás rianú soiléir bronn 50% de na marcanna a gnóthaíodh as na rudaí a thaispeáint agus a lipéadú agus bronn 0 marc de na 5 mharc as teorainneacha, as comhréir agus as tuairim iomlán.**

**Iomlán: 30 marc**

**B. An tAontas Eorpach**

Mínigh an tslí a ndeachaigh beartas an Aontais Eorpaigh i bhfeidhm ar gheilleagar na hÉireann.

| | |
|---|---|
| **Tionchar a Aithint 1 PSÁ** | **3m** |
| **Míniú 9 PSÁ @ 3 mharc an ceann** | **27 marc** |

**Ceadaigh an dara tionchar ainmnithe a aithint le haghaidh PSÁ amháin.**

**Ceadaigh polasaí ainmnithe (nó réimse polasaithe) le haghaidh PSÁ amháin.**

**Iomlán: 30 marc**

**C. Truailliú an Chomhshaoil**

(i) Ainmnigh sampla **amháin** de thruailliú an chomhshaoil a bhfuil staidéar déanta agat air.

| | |
|---|---|
| **Sampla bailí ainmnithe** | **4m** |

(ii) Mínigh na cúiseanna le truailliú seo an chomhshaoil **agus** na hiarmhairtí air..

| | |
|---|---|
| **Cúis aitheanta PSÁ amháin @ 3m an ceann** | **3m** |
| **Iarmhairt aitheanta PSÁ amháin @ 3m** | **3m** |
| **Míniú 6 PSÁ @ 3m an ceann** | **18m** |

(iii) Déan cur síos ar an tslí a bhféadfaí truailliú seo an chomhshaoil a laghdú.

| | |
|---|---|
| **Cur síos 4 PSÁ @ 3m an ceann** | **12m** |

**Iomlán: 40 marc**

## Ceist 8

**A. Ídiú Fuinnimh**

(i) Cén céatadán den fhuinneamh a ídíodh i 1990 a gineadh as gual?

**41.7 (%)** **3m**

(ii) Cén céatadán den fhuinneamh a ídíodh in 2015 a gineadh as gual?

**16.9 (%)** **3m**

(iii) Mínigh go hachomair cad is brí leis an téarma *breosla iontaise*.

**Míniú achomair dhá PSÁ @ 3m an ceann** **6m**

(iv) Ríomh an céatadán den fhuinneamh a ídíodh i 1990 a gineadh as breoslaí iontaise.

**95.1 (%)** **6m**

(v) Mínigh go hachomair cad is brí leis an téarma *fuinneamh in-athnuaite*.

**Míniú achomair dhá PSÁ @ 3m an ceann** **6m**

(vi) Mínigh go hachomair cúis **amháin** leis an méadú ar úsáid na gaoithe mar fhoinse fuinnimh.

**Míniú achomair dhá PSÁ @ 3m an ceann** **6m**

**Iomlán: 30 marc**

**B. Cuideachta Ilnáisiúnta (MNC)**

(i) Ainmnigh cuideachta ilnáisiúnta **amháin** atá ag feidhmiú in Éirinn.

**Cuideachta ilnáisiúnta bhailí ainmnithe** **4m**

(ii) Ainmnigh amhábhar **amháin** a úsáideann an chuideachta ilnáisiúnta seo **agus** ainmnigh an tír óna bhfaightear an t-amhábhar seo.

**Amhábhar bailí ainmnithe** **3m**

**Tír fhoinseach bhailí ainmnithe** **3m**

(iii) Ainmnigh earra **amháin** a dhéanann an chuideachta ilnáisiúnta seo.

**Táirge bailí ainmnithe** **3m**

(iv) Luaigh an áit a bhfuil an chuideachta ilnáisiúnta seo lonnaithe in Éirinn **agus** mínigh le mionsonraí an chúis ar lonnaíodh san áit seo í.

**Áit bhailí** **3m**

**Míniúchán 8 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **24 mharc**

**Iomlán: 40 marc**

**C.** **Coilíneachas – Geilleagar i mbéal Forbartha**

(i) Ainmnigh geilleagar **amháin** i mbéal forbartha a ndearnadh coilíniú air.

**Geilleagar i mbéal forbartha ainmnithe 3 mharc**

(ii) Mínigh iarmhairtí an choilíneachais ar an ngeilleagar i mbéal forbartha seo.

**Míniú 9 PSÁ @ 3 mharc an ceann 27 marc**

**Iomlán: 30 marc**

## Ceist 9

**A. Forbairt Gheilleagrach**

(i) Agus grafpháipéar á úsáid agat, tarraing graf oiriúnach chun na sonraí seo a léiriú.

| | |
|---|---|
| **Grafpháipéar** | **3 mharc** |
| **Ais cheartingearach lipéadaithe/Ciorcal** | **3m ghrádaithe (3/1/0)** |
| **Ais chothrománach lipéadaithe/Láraithe** | **3 mharc ghrádaithe (3/1/0)** |
| **5 mhír @ 3m an ceann grádaithe (3/1/0)** | **15m** |
| | **Fo-iomlán 24 mharc** |

(ii) I do fhreagarleabhar, luaigh **dhá** chúis a bhfuil an Olltáirgeacht Intíre (OTI) i dtíortha áirithe níos airde ná mar atá i dtíortha eile.

| | |
|---|---|
| **Dhá chúis bhailí sonraithe @ 3m an ceann** | **6m** |

**Iomlán: 30 marc**

**B. Forbairt Gheilleagrach – Geilleagar Forbartha**

Tabhair cur síos agus míniú ar fhorbairt ceann **amháin** acu seo a leanas agus tagairt agat do gheilleagar forbartha a bhfuil staidéar déanta agat air:

- Turasóireacht
- Seirbhísí airgeadais
- Seirbhísí agus tionscail gan chuing.

| | |
|---|---|
| **Geilleagar forbartha ainmnithe** | **3m** |
| **Cur Síos agus Míniú 9 PSÁ @ 3m an ceann** | **27m** |

**PSÁ amháin ar a laghad as míniú.**

**Iomlán: 30 marc**

**C. Gníomhaíocht Gheilleagrach agus Coimhlint**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.

(i) Cuir in iúl go soiléir, agus tagairt eangaí sé fhigiúir á húsáid agat, cén áit a dtógfá feirm ghaoithe.

| | |
|---|---|
| **Tagairt eangaí sé fhigiúr** | **4m ghrádaithe (4/2/0)** |

(ii) Agus fianaise ó léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis á húsáid agat, mínigh an chúis ar roghnaigh tú an áit seo don feirm ghaoithe.

| | |
|---|---|
| **Fianaise ón léarscáil** | **3m** |
| **Míniú 7 PSÁ @ 3 mharc an ceann** | **21 mharc** |

(iii) Tabhair cur síos agus míniú ar an tslí a bhféadfadh coimhlint teacht chun cinn mar gheall ar an bhfeirm ghaoithe a bheith lonnaithe san áit seo.

**PSÁ amháin ar a laghad as míniú**

| | |
|---|---|
| **Scrúdú 4 PSÁ @ 3 mharc an ceann** | **12 mharc** |

**Iomlán: 40 marc**

## PATRÚIN AGUS PRÓISIS i gCOMHSHAOL AN DUINE

**Ceist 10 go 12**

### Ceist 10

**A. Dinimic Daonra**

(i) Agus grafpháipéar á úsáid agat, tarraing graf oiriúnach chun na sonraí seo a léiriú.

| | |
|---|---|
| **Grafpháipéar** | **3 mharc** |
| **Ais cheartingearach lipéadaithe/Ciorcal** | **3m ghrádaithe (3/1/0)** |
| **Ais chothrománach lipéadaithe/Láraithe** | **3 mharc ghrádaithe (3/1/0)** |
| **5 mhír @ 3m an ceann grádaithe (3/1/0)** | **15m** |
| | **Fo-iomlán 24 mharc** |

(ii) I do fhreagarleabhar, luaigh **dhá** shlí a bhféadfaí cur leis an ionchas saoil i dtíortha mar Mhailí agus an tSúdáin.

| | |
|---|---|
| **Dhá ráiteas bhailí @ 3m an ceann** | **6m** |

**Iomlán: 30 marc**

**B. Lonnaíocht Stairiúil**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.

(i) Ainmnigh **trí** shampla dhifriúla de lonnaíocht stairiúil a bhfuil fianaise dóibh le feiceáil ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis, **agus** tabhair tagairt eangaí sé fhigiúir do shuíomh gach ceann díobh.

| | |
|---|---|
| **3 lonnaíocht ainmnithe @ 2 mharc an ceann** | **6 mharc** |
| **Suíomh tugtha do 3 lonnaíocht@ 2 mharc an ceann grádaithe (2/1/0)** | **6 mharc** |

(ii) Déan cur síos ar gach ceann de na trí lonnaíocht stairiúil a ainmníodh i gcuid (i) thuas.

**Do gach lonnaíocht stairiúil:**

| | |
|---|---|
| **Cur Síos: 2 PSÁ @ 3 mharc an ceann** | **18 marc** |

**Iomlán: 30 marc**

**C.** **Sraoilleáil Uirbeach**

(i) Ainmnigh cathair **amháin** inar tharla sraoilleáil uirbeach.
**Cathair ainmnithe** **4m**

(ii) Mínigh na cúiseanna ar tharla sraoilleáil uirbeach sa chathair seo.
**Míniú 9 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **27 marc**

(iii) Déan cur síos ar réiteach **amháin** ar shraoilleáil uirbeach.
**Cur síos ar réiteach amháin 3 PSÁ @ 3m an ceann** **9m**

**Iomlán: 40 marc**

## Ceist 11

### A. Aerfótagraf

Scrúdaigh an t-aerfótagraf de Mhaigh Chromtha a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil den limistéar a thaispeántar san aerfótagraf.

Ar an tsracléarscáil sin, **taispeáin** agus **lipéadaigh** gach ceann díobh seo a leanas:

- **Dhá** shráid a bhuaileann le chéile
- An abhainn
- An séipéal sa lár ar chlé
- Limistéar trádstórála sa tulra ar chlé
- Limistéar caitheamh aimsire.

**Imlíne na Sracléarscáile:**

| | |
|---|---|
| **Teorainneacha/fráma** | **1 mharc** |
| **Comhréir (tírdhreach)** | **2 mharc** |
| **Tuairim ar an iomlán** | **2 mharc ghrádaithe (2/1/0)** |
| | **Fo-iomlán 5 mharc** |

**Cúig rud á dtaispeáint agus lipéadaithe amhail a leanas:**

| | |
|---|---|
| **Á dtaispeáint** | **3 mharc ghrádaithe (3/1/0)** |
| **Lipéadaithe** | **2 mharc** |
| | **Fo-iomlán 25 mharc** |

**I gcás rianú soiléir bronn 50% de na marcanna a gnóthaíodh as gnéithe, ach 0 marc de na 5 mharc as sracléarscáil.**

**Iomlán: 30 marc**

**B. Imirce – Ó Cheantar Tuaithe go Ceantar Uirbeach**

(i) Mínigh na cúiseanna a rachadh daoine ar imirce ó cheantair thuaithe go ceantair uirbeacha.

**Dhá chúis aitheanta @ 3m + 2m** **5m**

**Ní mór gach cúis eile a mhíniú.**

**Míniú 5 PSÁ @ 3m an ceann** **15m**

(ii) Mínigh na fadhbanna a bhíonn i gceantar uirbeach mar thoradh ar an imirce seo.

**Dhá fhadhb aitheanta @ 3m + 2m** **5m**

**Ní mór gach fadhb eile a mhíniú.**

**Míniú 5 PSÁ @ 3m an ceann** **15m**

**Iomlán: 40 marc**

**C. Dinimic Daonra**

Mínigh conas a théann **trí** cinn ar bith de na tosca a leanas i bhfeidhm ar an daonra:

- Acmhainní
- Sochaí agus cultúr
- Leibhéil ioncaim
- Teicneolaíocht.

**Míniú ar thrí thoisc:**

**An chéad toisc mínithe 4 PSÁ @ 3m an ceann** **12m**

**An dara toisc mínithe 3 PSÁ @ 3m an ceann** **9m**

**An tríú toisc mínithe 3 PSÁ @ 3m an ceann** **9m**

**Marcáil chun leasa an iarrthóra.**

**Iomlán: 30 marc**

## Ceist 12

**A. Imirce**

(i) Cé mhéad imirceach a tarrtháladh i mBealtaine 2015 **agus** cé mhéad imirceach a tarrtháladh i mBealtaine 2016?

**2015: 501 imircigh** **3m**

**2016: 522 imircigh** **3m**

(ii) Ríomh líon iomlán na n-imirceach a tarrtháladh in 2016 sna trí mhí Bealtaine, Meitheamh agus Iúil, le chéile.

**1,334 imircigh** **6m**

(iii) Ainmnigh **dhá** thoisc tharraingthe a fhágann go dtéann daoine ar imirce chun na hEorpa.

**Dhá thoisc tharraingthe bhailí ainmnithe @ 3m an ceann** **6m**

(iv) Mínigh go hachomair ceann **amháin** de na tosca tarraingthe a ainmníodh i gcuid (iii) thuas.

**Míniú achomair dhá PSÁ @ 3m an ceann** **6m**

(v) Mínigh go hachomair iarmhairt dhearfach **amháin** don Aontas Eorpach as glacadh leis na himircigh seo.

**Míniú achomair dhá PSÁ @ 3m an ceann** **6m**

**Iomlán: 30 marc**

**B. Forbairt ar Lonnaíochtaí Uirbeacha**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Mínigh **trí** chúis gur fhorbair baile Mhaigh Chromtha san áit seo agus fianaise ó léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis agat mar thaca le gach cúis.

| | |
|---|---|
| **Trí chúis @ 10 marc an ceann** | **30 marc** |
| **I gcás gach cúise:** | |
| **Fianaise ó léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis** | **1m** |
| **Míniú 3 PSÁ @ 3 mharc an ceann** | **9 marc** |

**Iomlán: 30 marc**

**C. Cathair sa Domhan i mBéal Forbartha**

(i) Ainmnigh cathair **amháin** sa domhan i mbéal forbartha atá ag fás go tapa.

**Cathair i mbéal forbartha ainmnithe** **4m**

(ii) Mínigh na cúiseanna leis an bhfás tapa ar an gcathair seo sa domhan i mbéal forbartha.

**Míniúchán 5 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **15 mharc**

(iii) Déan cur síos ar na fadhbanna a thagann chun cinn mar gheall ar an bhfás tapa seo.

**Scrúdú 4 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **12 mharc**

(iv) Mínigh réiteach amháin ar na fadhbanna seo.

**Míniú 3 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **9 marc**

**Iomlán: 40 marc**

## Aguisín 1

## Liosta na dTopaicí Fiosrúcháin sa Tíreolaíocht in 2017

1. Truailliú. Staidéar áitiúil.

2. Tionchar na talamhúsáide ar phatrúin tráchta.

3. Staidéar ar an imirce agus ar a tionchar ar an daonra i suíomh tuaithe nó cathrach.

4. Tionchar gníomhaíocht eacnamaíochta **amháin** ar cheantar áitiúil ó thaobh na heacnamaíochta agus an chomhshaoil de.

5. Staidéar ar an ngeolaíocht i gceantar áitiúil agus ar a tionchar ar fhorbairt an tírdhreacha.

6. Fiosrúchán ar thionchar phróiseas/phróisis an iompair agus/nó an tsil-leagain ar fhoirmiú tírghné oighreach, abhann nó cósta **amháin**.

**Aguisín 2**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

## Tábla 400 @ 10%

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 400 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 300 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 301 - 303 | 29 |
| 304 - 306 | 28 |
| 307 - 310 | 27 |
| 311 - 313 | 26 |
| 314 - 316 | 25 |
| 317 - 320 | 24 |
| 321 - 323 | 23 |
| 324 - 326 | 22 |
| 327 - 330 | 21 |
| 331 - 333 | 20 |
| 334 - 336 | 19 |
| 337 - 340 | 18 |
| 341 - 343 | 17 |
| 344 - 346 | 16 |
| 347 - 350 | 15 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 351 - 353 | 14 |
| 354 - 356 | 13 |
| 357 - 360 | 12 |
| 361 - 363 | 11 |
| 364 - 366 | 10 |
| 367 - 370 | 9 |
| 371 - 373 | 8 |
| 374 - 376 | 7 |
| 377 - 380 | 6 |
| 381 - 383 | 5 |
| 384 - 386 | 4 |
| 387 - 390 | 3 |
| 391 - 393 | 2 |
| 394 - 396 | 1 |
| 397 - 400 | 0 |

Fiosrúchán Tíreolaíochta – Ná cuirtear san áireamh san iomlán le haghaidh marcanna breise

Tabhair faoi deara: Tá fáil ar scéim mharcála mhionathraithe le haghaidh iarrthóirí a thug faoi scrúdpháipéar mionathraithe.

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán